

❖ An Lúibín ❖

20 Samhain 2021

Teagmháil (agus leabhar)

The Irish language has an uncertain number of speakers in Australia; more light is cast on its Antipodean history in a new book published in Melbourne – in Irish.

San eagrán deireanach bhí nóta faoi aip nua a chuireann ar do chumas a fháil amach an bhfuil Gaeilgeoir sa chónagar – duine éigin cainteach a bhféadann tú dul i dteagmháil leis. Gaireas é, ar ndóigh, a bheadh níos feidhmiúla i gcathair ina bhfuil slua caineoirí. Tógaimis an Astráil: bhíodh Gaeilge á labhairt ag na mílte ann agus níl sí á labhairt ach ag na scórtha, go bhfios dúinn. (Sin gan daoine a chur san áireamh a bhfuil léamh na teanga acu.) Déarfadh daoine éigin, mar sin fein, go bhfuil líon na gcainteoirí á mheas faoina cheart – b'fhéidir go bhfuil míle ann agus iad scaipthe ar fud na tíre, idir Astrálaigh agus Éireannaigh, cuid acu lánlíofo, cuid acu maith go leor.

Ach is beag rud a cheanglaíonn Gaeilgeoirí na hAstráile le chéile ina líonra. Bíonn scoileanna samhraidh agus geimhridh ar siúl in New South Wales agus in Victoria agus timpeall seasca duine ag freastal orthu; tá *An Lúibín* ann, cé nach léann gach Gaeilgeoir é. Tá grúpaí áitiúla ann. Tar éis an tsaoil, leanann daoine orthu ag foghlaim Gaeilge, agus éireoidh cuid acu líofa.

Baineann Gaeilgeoirí san astráil agus ar fud an domhain tairbhe as craoltóireacht ghréasáin – Raidió na Gaeltachta, Raidió Life, Raidió Fáilte, Raidió Rí-Rá, Blas ar BBC Uladh, TG4, iad go léir bunaithe in Éirinn. B'fhíú a fhiafraí cén fáth nach bhfuil podchraoltaí áitiúla ann nó níos mó ábhair áitiúil ar YouTube. Ach tá spreagadh agus am agus líofacht ag teastáil chuige.

Mar a dúradh san eagrán deireanach, is gearr go mbeidh leabhar ar fáil a thugann léargas ar na pearsana agus na heagraíochtaí a bhaineann leis an nGaeilge san Astráil, ó dheireadh an 18ú haois go dtí ár n-aimsir féin. Tá súil againn, má tá bearnaí ann, go líonfar iad ach an dara heagrán a chur amach. *Gaeilge Ghriandóite: ó A go Z a hAon* an teideal atá air, agus cé nach leabhar tathagach é, tá neart eolas ann ar stair na Gaeilge san Astráil. Beidh a thuilleadh le rá faoi amach anseo ar *An Lúibín*.



Togra Scríbhneoirí Gaeilge agus Maoraise na Nua-Shéalainne

Speakers of Maori and Irish in a collaborative writing project.

Dé Céadaoin, 24 Samhain, 20.00 ar zúm

Tá go leor cosúlachtaí idir muintir na Gaeltachta in Éirinn agus na Maoraigh sa Nua-Shéalainn. Tá nasc láidir ag an dá chultúr lena gcuid seanchas miotaseolaíochta, atá ceangailte le tírdhreach agus le teanga, agus tá stair iarchoilíneach ag an dá dhream. Chomh maith leis sin, tá a gcuid scríbhneoirí ag obair i dteanga neamhfhorleathan.

Sa togra seo, tugadh cuireadh do bheirt scríbhneoirí ó Ghaeltacht na Gaillimhe agus do bheirt scríbhneoirí Maoracha píosa nua scríbhneoireachta a chruthú faoin teideal Dinnseanchas agus é a chur i láthair ag Féile CÚIRT na Gaillimhe i mí Aibreáin seo caite agus ag Féile WORD i Christchurch na Nua-Shéalainne ag tús na míosa seo. Idir an dá linn, d'aistrigh na scríbhneoirí saothar a chéile ó Ghaeilge go Maorais agus ó Mhaorais go Gaeilge (via Béarla). Eagraíodh ceardlanna do scríbhneoirí eile ar mhaith leo scríobh faoin téama céanna.

Ag an ócáid seo beidh deis ag an bpobal éisteacht leis na scríbhneoirí ag léamh a saothair nuascríofa. Ar na scríbhneoirí as Éirinn a bheas ag léamh beidh Micheál Ó Conghaile agus Máire Uí Dhufaigh chomh maith le beirt a d'fhreastail ar na ceardlanna, Micheál Ó Ruairc agus Áine Moynihan.

Cuirfidh an t-amhránaí sean-nóis Caitlín Ní Chualáin an caoineadh a chum na scríbhneoirí Maoracha Charisma Rangipunga agus Hana O'Regan i láthair, Caoineadh dár Sinsir (He apakuara ki kā tipuna).

Is é an t-ollamh comhlach Brian Ó Conchubhair ó Ollscoil Notre Dame a chuirfeas an ócáid i láthair agus beidh fáilte roimh cheisteanna ón lucht éisteachta.

Buíochas le hEalaín na Gaeltachta a thacaigh leis an togra seo.



An Ghaeilge san Aontas Eorpach

Irish in the EU is highly symbolic but also practical: its use broadens the scope of the language. The Irish government and the European Commission encourage the recruitment of interpreters and translators.

Ní líonmhar iad na feisirí Éireannacha sa Pharlaimint Eorpach a bhfuil Gaeilge acu, ach tá suaitheantas cultúrtha déanta den teanga thall agus aistritheoirí agus ateangairí á soláthar dá bharr. Ach ní hé sin amháin atá i gceist. Mar a deir tuarascáil de chuid an Aontais Eorpaigh, déanann úsáid na Gaeilge in AE ‘éiceachóras’ na teanga a shaibhriú. Maítear go raibh aird ag institiúidí an Aontais Eorpaigh ar a raibh á ndéanamh ag rialtas na hÉireann de réir Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 (straitéis nár tháinig toradh mór uirthi fós). Dá bhrí sin rinne siad iarrachtaí chun acmhainní Gaeilge a threisiú agus breis cáipéisí a sholáthar. Tá an-bhaint ag an gCoimisiún Eorpach leis seo, ós é an Coimisiún atá freagrach as beartais AE agus as iad a chur i bhfeidhm. Agus dá chastacht iad na cáipéisí céanna (nó dá leimhe), cuireann siad le réimse na Gaeilge.



Foirgneamh Berlaymont, láithreán an Choimisiúin Eorpaigh sa Bhruiséil
Wikimedia Commons

Foilseofar comhaontuithe idirnáisiúnta i nGaeilge ó thús 2022. Ach cáipéisí an-fhada atá i gceist, agus sin méadú oibre. Beidh cáipéisí eile le haistriú, go háirithe na cinn a bhfuil eolas iontu ar na rudaí a dhéanann AE. Tá baint aige seo leis an gCoimisiún go háirithe, agus measann sé go mbeidh a dhá oiread cáipéisí le haistriú go Gaeilge as seo amach. Is é an scéal céanna ag an bParlaimint Eorpach é.

Caithefar go mbeidh go leor daoine oilte ann le haghaidh na hoibre. In 2016 bhí 58 nduine ann, agus i mbliana tá 138. Tá na hinstiúidí chun 68 nduine breise a thabhairt isteach faoi dheireadh na bliana, rud a chuirfeadh an fhoireann ar comhchéim leis an gcuid is mó de na foirne eile. Ach tá líon mór oifigeach sealadach ann le hais a bhfuil d’foireann bhuan ann: mar shampla, 60% d’oifigigh shealadacha i seirbhís aistriúcháin an Choimisiúin agus 100% i gCúirt an Chirt. Dá bhrí sin, tá na hinstiúidí ag iarraidh níos mó aistritheoirí agus dlítheangeolaithe a earcú mar fhoireann bhuan.

Tá an Coimisiún ag tacú le cúrsa Máistreacht in ateangaireacht chomhdhála in Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh. Sa Pharlaimint Eorpach (mar atá sa Dáil) ní dhéantar ateangaireacht ach ó Ghaeilge go teanga eile - Béarla de ghnáth.

Tá comórtas bliantúil Aistritheoirí Óga á reáchtáil ag an gCoimisiún agus ag Éirinn i meánscoileanna lán-Ghaeilge ó 2017 i leith (34 scoil in 2020), agus tá seó bóthair ar siúl in Éirinn chun jabanna i nGaeilge, go háirithe in AE, a fhógairt.

In 2018, mar chuid de chóras r-Aistriú an Choimisiúin, rinneadh inneall ríomhaistriúcháin Éireannach a bhaineann feidhm as néartheicneolaíocht. Tá méadú ag teacht ar úsáid an ríomhaistriúcháin in AE de bharr an mhéid oibre atá le déanamh agus an ghá atá le cruinneas. Dá bhrí sin, mhéadaigh aistriúcháin go Gaeilge faoi thrí idir 2016 agus 2021. Ní fios cén tionchar a bheidh aige seo ar earcú foirne.

**Report from the Commission to the Council on whether the Union institutions have sufficient available capacity for the Irish language, relative to the other official EU languages, to apply Regulation No 1 without a derogation as of 1 January 2022:*
<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=COM:2021:315:FIN&qid=1624285923902&from=EN>
**An Coimisiún Eorpach:* https://ec.europa.eu/info/index_en.



Bás file: Máire Mhac an tSaoi

Poet and scholar Máire Mhac an tSaoi died this year at an advanced age, leaving us some of most remarkable modern lyrics in Irish.

Fuair an file agus scoláire Máire Mhac an tSaoi bás i mbliana, agus ba ghearr gur thosaigh an t-adhmholadh. D'fhoilsigh sí an chéad chnuasach aici, *Margadh na Saoire*, in 1956 agus í ina tríochaidí. D'fhoilsigh sí ceithre cinn eile, in éineacht le haistriúcháin, úrscéal gearr, ábhar scolártha agus féinbheathaisnéis. Chomh maith leis sin, ba í an chéad bhean in Éirinn ar glacadh léi mar abhcóide, agus bhí sí ina taidhleoir idir 1947 agus 1962. Is beag an tionadh a tugadh ceannródaí uirthi.

Bhí an-mheas aici ar an traidisiún clasaiceach agus máistreacht aici air, mar is léir óna saothar; ach chuir sí cuma dá cuid féin air, cuma nua sholúbtha a d'fhéad aigne an tsaoil chomhaimseartha a chur in iúl. Bhí fonn uirthi filíocht na Gaeilge a fhuascailt ó na seanlainsí gan an dúchas a chartadh.

Is minic ráite gur cheannródaí í mar bhanfhile: guth nua nárbh fhéidir a shéanadh, eiseamláir ag na mná a leanfadh í, cé go ndeachaigh gach duine acu siúd a bealach féin. Ba dheacair a chuimhneamh ar fhile eile, bean nó fear, a raibh an cur amach céanna aige ar an sean agus an nua le chéile.

Mar scoilire bhí sí thar barr, rud is furasta a aithint ar an taighde a rinne sí ar Ghearóid Iarla agus ar Phiaras Feiritéar i gcúrsaí litríochta, béaloidis agus staire. D'aistrigh sí dánta ó Spáinnis, ó Fhraincis agus ó Ghearmáinis, agus fiú ó Bhéarla (Shakespeare).

Is deacair don dream óg a thuiscint anois cé chomh coimeádach agus chomh himníoch is a bhí Éire le linn óige an fhile. Bhí dianchinsireacht ann, agus ba dhóigh leat go raibh cosc ar racht agus ar thocht, go háirithe i gcúrsaí collaíochta. Ach bhí a fhios ag an bhfile conas a racht a chur di le friotal a bhí idir ghreanta agus ghéar agus na seandaingne a chur in aer. Tá sé ráite nach ligfeadh an chinsireacht di roinnt rudaí a fhoilsíú más i mBéarla a breacadh iad; ach níor tugadh aird ar an nGaeilge.

Rud nua ar fad i bhfilíocht chomhaimseartha na Gaeilge ba ea 'Ceathrúintí Mháire Ní Ógáin,' dán a labhraítear i nguth mná óige a bhí ina leannán, más fíor, ag an bhfile Muimhneach Donncha Mac Con Mara san 18ú haois. Tá racht agus tnúth ann, agus ní cheiltar an chollaíocht.

Beag beann ar amhras daoine,
Beag beann ar chros na sagart,
Ar gach ní ach bheith sínte
Idir tú agus falla –

Neamhshuim liom fuacht na hoíche,
Neamhshuim liom scríb is fearthainn,
Sa domhan cúng rúin teolaí seo
Ná téann thar fhaobhar na leapa...

I dtaca le stíl de, is minic creat traidisiúnta ar a saothar: ach éiríonn léi blas beo pearsanta a fhágáil air – athnuachan traidisiúin. Tá solúbthacht inti a ligeann di a rogha meadaireachtaí a úsáid de réir a haigne:

Scéal ar iníon a' Londraigh, an planda
d'fhás sa bhfoithin
Gur iompaigh críon is feoite gan lámh
a theacht 'na gaire,
Cé hé anois a 'neosfaidh?
Ní mise é ná ise....

Dúirt sí nárbh fhéidir léi dán a scríobh gan é a theacht aníos óna croí. Tá an paisean agus an cheardúlacht fite fuaite ina chéile ina saothar, agus b'fhéidir nach mbeadh a leithéid arís ann.



Fadscannáin Ghaeilge

Films in Irish or with some dialogue in Irish – once a scarce commodity but now growing in number.

Go dtí le déanaí is beag fadscannán Gaeilge a bhí ann, nó fiú scannáin ina raibh roinnt Gaeilge le cloisteáil. Fadó fadó bhí *Poitin* ann, scannán le Bob Quinn (agus ar ndóigh tá scannáin ghearra le feiceáil ar TG4); ach tá an scéal ag athrú agus a rian sin ar an Galway Film Fleadh i mí Iúil i mbliana. Bhí *Foscadh* ann (Seán Breathnach),

Doineann (Damien McCann) agus *The Queen v Patrick O'Donnell* (Tomás Seoighe). Tháinig *Black '47* (scéinséir faoin Drochshaol a ndearna Lance Daly é) amach roimhe sin agus tá *Arracht* (Tom Sullivan) tagtha amach ó shin. (Bhí riméad ar an Súilleabhánach nuair a chuala sé go mb'fhéidir go ndéanfadh na Meiriceánaigh a leagan féin dá scannán – i mBéarla. Sin é an chaoi.) Tá *The Queen v Patrick O'Donnell* bunaithe ar leabhar le Seán Ó Cuirreáin: scannán 'ficseanfhaistineise' é faoi Phádraig Ó Domhnaill (Padaí Mhícheáil Airt), fear ó Ghaoth Dobhair a crochadh in 1883 tar éis dó brathadóir a mharú. Tá *Foscadh* bunaithe ar *The Thing about December*, úrscéal le Donal Ryan.

Is ait an rud é gur scánaín 'eachtrannacha' iad na scánaín seo. Baineann siad feidhm as fotheidil agus as teanga nach bhfuil coitianta in Éirinn féin. Ní mór an bac na fotheidil anois ar bhrabús a bhaint as an margadh idirnáisiúnta, agus tá maoiniú le fáil sa bhaile: féach Cine4, mar shampla, foras léirithe agus maoinithe a chuir TG4, Screen Ireland agus Údarás Craoltóireachta na hÉireann ar bun in 2017 agus é ag tacú le dhá thionscadal léirithe in aghaidh na bliana, in éineacht le cúig thionscadal fhorbartha. Fuair *Doineann* maoiniú ó Ghealán, scéim sa Tuaisceart ar cuspóir di tacú le fadscánaín Ghaeilge a thaitneodh le lucht féachana sa bhaile agus i gcéin. Le fotheidil, ar ndóigh.

Deir Tom Sullivan, stiúrthóir *Arracht*, gur in Éirinn amháin a mheastar gur trillín í an Ghaeilge; i dtíortha eile níl inti ach teanga. Tugann seo deis do scannánaithe Gaeilge a saothar a dhíol i margaí an domhain. Is dóigh le Sullivan gur méanair dó an oiread sin aisteoirí maithe a bheith ann faoi láthair agus Gaeilge acu. Ní dóichí scéal de ná bhfágfaidh na hathruithe atá ag teacht ar shaol na Gaeilge lorg ar an scáileán. Más olc maith linn é, tá an Ghaeltacht thraidisiúnta ag síothlú uainn mar réimse teanga agus mar ábhar.

Is aisteach fós gurb annamh a chuimhnítear in Éirinn ar fhadscannán (nó dráma teilifíse) a dhéanamh faoinar thit amach i stair na tíre roimh an Drochshaol. Costas, a déarfá: ach is é an comhléiriú an nós coitianta san Eoraip anois. Glacaimis leis nach mbíonn scannánaithe Béarla ar a suaimhneas i seansaol Gaelach an 16ú nó an 17ú haois, abair, agus iad i measc strainséirí nach bhfuil an fhíorthéanga Éireannach (Béarla) acu. Sin leithscéal nach bhfuil ag lucht scannánaíochta na Gaeilge. Ní hé sin le rá nach bhfuil scéalta ár linne féin le hinsint. B'fhéidir gur féidir linn a bheith ag súil le méadú mór ar an méid scannán Gaeilge feasta.

Dónall Ó Héalaí, príomhaisteoir *Foscadh*, ag caint faoin scannán.
<https://www.youtube.com/watch?v=etF24rfbw9E>

Sleachta as *Song of Granite* (stiúrthóir Pat Collins 2017), scannán faoi Seosamh Ó hÉanaí (Joe Éinniú).
<https://www.youtube.com/watch?v=pBbfPpWPuoE>
<https://www.youtube.com/watch?v=YhLNd273wpw>

Doineann (tréiléar)
<https://www.youtube.com/watch?v=T90jJfrC2xE>


Agus mar chomparáid, *Hell's Gates*, scannán measartha gearr le Jonathan Auf Der Heide (2007): Maggie Miles a léirigh é agus ba é Ellery Ryan an cineamatagrafaí. A lán Gaeilge ann. Rinne scannán níos faide de – *Van Diemen's Land*.
https://www.youtube.com/watch?v=u033oAq_Ti0

IFTN: "The Irish language is an incredible cultural mine that has barely been tapped in terms of film;" Director Tom Sullivan discusses *Arracht*, 22 Oct 2021, Nathan Griffin: <http://www.iftn.ie/news/?act1=record&only=1&aid=73&rid=4294227&tpl=archnews&force=1>

Esther McCarthy, 'Why a generation of filmmakers are embracing Irish-language filmmaking,' Iúil 2021: <https://www.screendaily.com/features/why-a-generation-of-filmmakers-are-embracing-irish-language-filmmaking/5161875.article>



IMRAM: Féile Litríochta Gaeilge 2021 (Samhain/Nollaig)
<https://imram.ie/>



I mbliana beidh filíocht go leor ann, í á léamh ar an láithreán nó ar scáileán: cloisfear aistriúcháin de dhánta le Georg Trakl, file eispreiseanaíoch Ostarach, rud a bhaineann le gnáth-théama Eorpach na féile. Beidh Blas na gConallach ann – próis agus filíocht ó Dhún na nGall. Cloisfear amhráin John Prine i nGaeilge – Prine, amhránaí Meiriceánach nach bhfuil gan chluí. Agus triúr filí, duine acu i mBéarla agus an bheirt eile i nGaeilge, ag dul i ngleic le téama an tsneachta.

Seo thíos rogha rudaí ó IMRAM 2020:

An Gheabhróg Artach: Filíocht Chinéiteach.

https://www.facebook.com/ImramFeile/videos/-an-gheabhr%C3%B3g-artach-mainnena-mar-chuid-den-togra-%C3%A9igse-chin%C3%A9iteach-kinetic-poet/4400250166758748/?__so__=permalink&__rv__=related_videos

Crann, saothar ceoil atá bunaithe ar fhilíocht Richard Berengarten. Gabriel Rosenstocka d'aistrigh é agus Nick Roth a chum an ceol. (Michelle O'Rourke, Caitriona O'Leary agus Olesya Zdorovetska na hamhránaithe, faoi stiúradh Laura Hilliard.)

https://www.facebook.com/ImramFeile/videos/crann/205832714492309/?__so__=permalink&__rv__=related_videos

Marbhnaí Duino, dánta le Rainer Maria Rilke agus iad aistrithe ag Máire Mhac an tSaoi.

https://www.facebook.com/ImramFeile/videos/marbhna%C3%AD-duino-rilkes-duino-elegies-in-irish/2299885170154855/?__so__=permalink&__rv__=related_videos

Leabhar na nAthruithe, filíocht Publius Ovidius Naso agus í aistrithe go Gaeilge.

https://www.facebook.com/ImramFeile/videos/leabhar-na-nathruithe-ovids-metamorphoses-in-irish/1350253141988658/?__so__=permalink&__rv__=related_videos

Dánta Duibhneacha

https://www.facebook.com/ImramFeile/videos/d%C3%A1nta-duibhneacha-2/3607733932639459/?__so__=permalink&__rv__=related_videos

Agus seo Hilary Bow ag canadh Jacques Brel (2015): 'Ná himigh uaim,' amhrán a d'aistrigh Liam Ó Muirthile ón bhFraincis: <https://www.youtube.com/watch?v=0H0qEBTkeBI>.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan

Romhat

Is chonaic tú arís na seomraí dorcha
is an teallach

an madra dubh (é marbh le fada)
na cuileoga ídithe
ar leac na fuinneoige
is na crainn ag plódú isteach:
ba chuimhin leat ar maidin
gur strainséirí a bhí ann
is gurbh iad na strainséirí
a d'fháiltigh romhat

Aoi

Bhí sé roimpi ann
an duine úd ab aithnid di fadó
ag ithe is ag ól
ag insint scéalta nár thuig sí
gan ann ach bóthar tréigthe
is scáthanna oíche
is rinneadh gaoth de
nár shéid do dhaoine eile
is an ghloine lán go fóill
is an béile gan ithe